2026/429

6.5.2026

CINNEADH TARMLIGTHE (AE) 2026/429 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Feabhra 2026

maidir le forlíonadh Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí dhíolúine a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha áirithe a bhaineann úsáid as fillteáin pailléad agus as strapaí ó na ceanglais athúsáide 100 % i ndáil leis na formáidí pacáistíochta sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE [1] agus go háirithe Airteagal 29(18) pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is formáidí pacáistíochta iompair iad fillteáin pailléad a chumhdaítear sna spriocanna athúsáide a leagtar síos in Airteagail 29(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40. Leagtar síos le hAirteagal 29(1) den Rialachán sin sprioc athúsáide ginearálta de 40 % le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as formáidí pacáistíochta iompair áirithe le linn bliana féilire, agus dá bharr sin go bhféadfadh oibreoirí cúiteamh a dhéanamh ar fhormáid a bhfuil ráta íseal athúsáide aici le formáid a bhfuil ráta ard athúsáide aici.

(2) Le hAirteagail 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40 forchuirtear sprioc athúsáide 100 % ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as na formáidí pacáistíochta iompair sin le haghaidh iompair laistigh den chuideachta céanna nó cuideachtaí nasctha nó cuideachtaí compháirtíochta san Aontas, agus le haghaidh iompair idir cuideachtaí laistigh den Bhallstát céanna.

(3) Cé go bhfuil fillteáin pailléad agus strapaí in-athúsáidte ar fáil ar bhonn tráchtála agus in úsáid chun earraí áirithe a iompar, tá fianaise láidir ann maidir leis an úsáid eisiach d'fhillteáin pailléad agus de strapaí in-athúsáidte chun earraí curtha ar phailléid le linn iompair a chobhsú agus a chosaint, sna cásanna uile a chumhdaítear le hAirteagail 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40; gur féidir le costais oiriúnaithe díréireacha a bheith ar na hoibreoirí lena mbaineann sí mar thoradh uirthi sin.

(4) Léiríonn an fhianaise go mbíonn ardinfheistíochtaí tosaigh ag baint leis an aistriú go fillteáin pailléad 100 % in-athúsáidte chun línte pacáistíochta a athdhearadh. Bheadh infheistíochtaí i réitigh uathoibrithe nach bhfuil forbairt leordhóthanach tagtha orthu go fóill ag teastáil le haghaidh an aistrithe go fillteáin pailléad agus strapaí in-athúsáidte. D'fhéadfadh aistriú den sórt sin cur isteach ar shlabhraí soláthair agus a bheith ina chúis costas ar oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe iad siúd a bhaineann úsáid as pacáistíocht iompair.

(5) Dá bhrí sin, oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as fillteáin pailléad agus strapaí chun táirgí a chuirtear ar phailléid le linn iompair a chobhsú agus a chosaint; is gá díolúine a thabhairt dóibh sin ó na spriocanna athúsáide a leagtar síos le hAirteagal 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Díolúine a bhaineann le fillteáin pailléad agus le strapaí

Oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as fillteáin pailléad nó strapaí chun earraí curtha ar na pailléid le linn iompair a chobhsú agus a chosaint; díolmhaítear iad ó na ceanglais athúsáide 100 % i ndáil leis na formáidí pacáistíochta sin a leagtar síos in Airteagail 29(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2025/40.

[1] IO L, 2025/40, 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/40/oj.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN